



Moladh 12 do Dhaoine maidir le hionfhabhtuithe is cúis le hailse

- Ba cheart cailíní agus buachaillí a vacsaíniú in aghaidh an víris heipitíteas B agus in aghaidh an phapalómaivíris dhaonna (HPV) ag an aois a mholtar i do thír féin.
- Téigh faoi thástáil agus faigh cóireáil le haghaidh na víreas heipitíteas B agus C, an víris easpa imdhíonachta dhaonna (VEID), agus *Helicobacter pylori*, de réir mar a mholtar i do thír féin.

Príomhachóimre

- Is é HPV is cúis le formhór na gcásanna d'ailse ceirbheacs i measc na mban, agus le cuid mhór de na cásanna d'ailse scornaí agus d'ailse sa chonair anaighnitiúil i bhfir agus i mná araon.
- Tá na vacsaíní in aghaidh an víris heipitíteas B agus HPV sábháilte agus léirítear go bhfuil siad éifeachtach chun ionfhabhtú agus forbairt ailse a chosc.
- Agus na víris heipitíteas B agus C, nó ionfhabhtuithe VEID, cóireáilte, bíonn an riosca a bhaineann le daoine eile a ionfhabhtú díothaithe nó laghdaithe go mór.
- Ní cúis dhíreach leis an ailse é VEID, ach ós rud é gurb é is cúis leis an easpa imdhíonachta, méadaítear leis an riosca a bhaineann le hailsí arb iad víris eile is cúis leo, lena n-áirítear Kaposi sarcoma, liomfóma agus ailsí eile san ae, sa cheirbheacs agus san anas.
- Má chóireáiltear gastríteas *H. pylori* sula ndéantar damáiste trom gastrach, is féidir leis an gcóireáil tús na hailse gastrá a chosc.
- Dá luaite a aimsítear agus a chóireáiltear ionfhabhtú, is ea is lú an riosca ailse.

An féidir le hionfhabhtuithe, ar nós papalómaivíreas daonna (HPV), an víris heipitítis B (HBV), an víris heipitítis C (HCV), an víris easpa imdhíonachta dhaonna (VEID), agus *Helicobacter pylori* (*H. pylori*) a bheith ina gcúis le hailse? Is féidir. Is féidir le roinnt mhaith ionfhabhtuithe a bheith ina gcúis le hailse má leanann siad ar aghaidh le himeacht ama. Go sonrach, tá ceithre víreas (HBV, HCV, HPV agus VEID) agus baictéar amháin (*H. pylori*) freagrach as 5 % ar a laghad de na hailsí san Aontas Eorpach (AE), agus baineann droch-éifeachtaí sláinte eile leis na hionfhabhtuithe sin freisin. Ba é HPV ba chúis le thart ar 55,000 cás den ailse (2 % de na cásanna uile d'ailse) in AE in 2022.

Cad iad na cineálacha ailse arb iad HPV, HBV, HCV, VEID, agus *H. pylori* is cúis leo? Is é HPV, cineál 16 agus cineál 18 go háirithe, is cúis leis na cásanna uile den ailse ceirbheacs agus den ailse anais nach mór. Is é HPV is cúis le hailse pite, ailse faighne, ailse péinis agus ailse scornaí freisin. I gcás na n-ionfhabhtuithe eile (HBV, HCV agus *H. pylori*), is iad ailse ae agus ailse boilg na hailsí is coitianta a leanann na hionfhabhtuithe sin. I gcás daoine a bhfuil ionfhabhtú orthu, is féidir leis an riosca méadaithe ailse a bheith an-ard, agus cosúil leis an riosca ailse ó chaitheamh tobac nó ólachán trom. Ní cúis dhíreach leis an ailse é VEID, ach ós rud é gurb é is cúis leis an easpa imdhíonachta, méadaítear leis an riosca a bhaineann le hailsí arb iad víris eile is cúis leo, lena n-áirítear Kaposi sarcoma, liomfóma agus ailsí eile san ae, sa cheirbheacs agus san anas.

D'fhéadfadh roinnt mhaith blianta nó na scórtha blianta fiú a bheith i gceist sula bhforbrófaí an ailse i ndiaidh ionfhabhtú. Dá bhrí sin, tá deis ann na hionfhabhtuithe ainsealacha sin a bhrath agus a chóireáil sular féidir leo damáiste mór a dhéanamh, agus sula bhforbrófaí ailse. Le luathbhrath agus luathchóireáil na n-ionfhabhtuithe sin, is féidir básanna anabái ón ailse agus breoiteachtaí gaolmhara eile, arb iad na hionfhabhtuithe sin is cúis leo, a chosc.

Conas is féidir liom ionfhabhtuithe, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hailse, a chosc? A chinntiú go bhfaigheann cailíní agus buachaillí óga an vacsaín in aghaidh HPV; coisctear leis sin ailsí a bhaineann le hionfhabhtú HPV. Is fearr a oibríonn an vacsaín nuair a thugtar é sula bhfuiltear ionfhabhtaithe le HPV. Is féidir galair ae a bhaineann le HBV a chosc ach a chinntiú go bhfaigheann naíonáin nuabheirthe, leanaí agus daoine atá i bhforbhaol ionfhabhtú HBV, an vacsaín in aghaidh HBV de réir an sceidil vacsaíniúcháin i do thír.

Conas a gheobhaidh mé tástáil d'ionfhabhtuithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hailse? An chéad uair eile a bheidh coinne agat le gairmí cúraim sláinte, fiafraigh díobh an féidir leat tástáil agus cóireáil a fháil maidir le hionfhabhtuithe a bhaineann le hailse, is é sin HBV, HCV, VEID agus *H. pylori*. Má nochtar sa tástáil go bhfuil ceann de na hionfhabhtuithe sin ort, tairgfear tástálacha eile duit agus cóireáil iomchuí nó beart leantach, más gá. Is féidir ionfhabhtú a bhraitear go luath a leigheas nó a bhainistiú go héifeachtach i bhformhór na gcásanna

Féach an Bhileog Eolais maidir le Cláir scagthástála ailse eagraithe (Iarscríbhinn 3: Scagthástáil ailse ceirbheacs) chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hailse ceirbheacs.

Iarscríbhinn 1: Vacsaíniú in aghaidh HBV agus HPV

Príomhachóimre

HBV

- Is é ionfhabhtú le HBV is príomhchúis le galar ae ainsealach, ciorrois agus ailse ae.
- Tá vacsaíní in aghaidh HBV sábháilte agus an-éifeachtach i ndáil le hionfhabhtú le HBV, agus na haimhréidheanna a bhaineann leis, a chosc, lena n-áirítear ailse ae.
- Is féidir galair ae a bhaineann le HBV a chosc ach a chinntiú go vacsaínítear naíonáin nuabheirthe, leanaí agus daoine atá i bhfíorbhaol ionfhabhtú HBV, de réir an sceidil vacsaíniúcháin i do thír.

HPV

- Is é ionfhabhtú le HPV is cúis le formhór na gcásanna d'ailse ceirbheacs i measc na mban, agus le cuid mhór de na cásanna d'ailse scornaí agus d'ailse sa chonair anaighnitiúil i bhfir agus i mná araon.
- A chinntiú go bhfaigheann cailíní agus buachaillí óga an vacsaín shábháilte agus an-éifeachtach in aghaidh HPV; coisctear leis sin ailsí a bhaineann le hionfhabhtú HPV. Tá an vacsaín níos éifeachtaí a óige atá an duine.

HBV, HPV agus ailse

An féidir le hionfhabhtuithe le HBV agus HPV a bheith ina gcúis le hailse?

Is féidir. Is féidir leis an dá cheann de na hionfhabhtuithe sin a bheith ina gcúis le hailse má leanann siad ar aghaidh le himeacht ama. Tá vacsaíní an-éifeachtach ar fáil chun na hailsí, arb iad an dá víreas sin is cúis leo, a chosc.

HBV

Tá HBV ina mhórchúis le heipitíteas ainsealach (ionfhabhtú san ae), a d'fhéadfadh ciorrois agus ailse ae é a leanúint le himeacht ama. Is mó seans go bhforbróidh ionfhabhtú HBV marthanach (ionfhabhtú ainsealach) ionfhabhtú a tholgtar le linn na hóige. Ba é HBV ba chúis le thart ar 8,000 cás den ailse ae san Aontas Eorpach (AE) in 2022.

HPV

Is é HPV, cineál 16 agus cineál 18 go háirithe, is cúis leis na cásanna uile den ailse ceirbheacs agus den ailse anais nach mór. Is é HPV is cúis le hailse pite, ailse faighne, ailse péinis agus ailse scornaí freisin. Ba é HPV ba chúis le thart ar 55,000 cás den ailse (2 % de na cásanna uile d'ailse) in AE in 2022.

Sábháilteacht, éifeachtacht agus inghlacthacht na vacsaíní HBV agus HPV

Vacsaín HBV: Tá vacsaín shábháilte éifeachtach ar fáil ó bhí luathbhlianta na 1980idí ann. Tá leibhéil arda inghlacthachta agus clúdach vacsaíní i roinnt mhaith Bhallstáit AE, rud a chiallaíonn go bhfuil muinín i measc fhormhór an phobail i vacsaíní. Tá feachtais vacsaínithe á gcur chun feidhme ar feadh na mblianta fada, agus tá glacadh vacsaíní i measc leanaí ard.

Vacsaín HPV: Tá an vacsaín HPV, a ceadúnaíodh den chéad uair in 2006, sábháilte agus fíor-éifeachtach i ndáil le hionfhabhtú HPV, agus loit réamhailseacha agus ailsí a bhaineann le HPV, a chosc. Tá vacsaíní HPV ina gcuid de chlár imdhíonta náisiúnta agus tá siad ar fáil gan aon chostas do dhaoine. Ó bhí 2023 ann, tá Ballstáit uile AE ag tairiscint vacsaíniú HPV do chailíní agus do bhuachaillí araon.

Gníomhartha le do riosca ailse a laghdú

Vacsaínigh do naíonán nuabheirthe nó do naíon in aghaidh HBV. Tá sé tábhachtach do leanbh a vacsaíniú in aghaidh HBV chun do leanbh agus daoine eile a chosaint ar an víreas sin. Tá trí dháileog i gceist leis an vacsaín HBV. Lean an sceideal vacsaíniúcháin molta i do thír.

Faigh an vacsaín HBV ag aois níos sine. Murar vacsaíníodh thú in aghaidh HBV agus tú i do leanbh, d'fhéadfá tairbhiú de vacsaín HBV agus tú níos sine, sna cásanna seo a leanas, mar shampla:

- más imirceach thú as tír ina bhfuil HBV coitianta agus nach raibh an vacsaín HBV ar fáil
- má tá riosca méadaithe agat de bheith nochta do HBV tríd an ngnéas le duine a bhfuil ionfhabhtú HBV orthu faoi láthair.

Is féidir leat a fhiafraí de ghairmí cúraim sláinte cá háit is féidir leat vacsaín HBV a fháil.

Ba cheart cailíní agus buachaillí a vacsaíniú in aghaidh HPV ag an aois is óige a mholtar i do thír féin. Tá sé tábhachtach cailíní agus buachaillí a vacsaíniú in aghaidh HPV chun iad a chosaint ar ailsí a bhaineann le hionfhabhtú HPV. Is fearr a oibríonn vacsaíní nuair a thugtar iad ag aois óg, sula mbítear gníomhach go gnéasach go hidéalach. Is é 9–14 bliana an aois is fearr leis an vacsaín a fháil, agus moltar 11 bhliain d'aois in AE. Nuair a vacsaínítear formhór na gcailíní agus na mbuachaillí sa daonra cruthaítear cosaint tréada. Ciallaíonn sé sin go gcosnaíonn vacsaíní daoine vacsaínithe agus cabhraítear chun scaipeadh an víris i measc daoine nach bhfuil vacsaínithe a stopadh freisin. Méadaítear an chosaint sin nuair a vacsaínítear idir chailíní agus bhuachaillí.

Faigh an vacsaín HPV ag aois níos sine. Cé gur éifeachtaí atá an vacsaín ar aoiseanna níos óige, má fhaightear an vacsaín agus tú níos sine, go háirithe roimh 20 bliain d'aois, is féidir cosaint bhreise aonair a sholáthar agus cosaint tréada sa daonra a mhéadú.

Comhthairbhí chun galair neamhtheagmhálacha a chosc ag a bhfuil fachtóirí riosca agus deiseanna comhchosúla chun an tsláinte a chur chun cinn

HBV: Tá fachtóirí riosca eile ina gcúis le hailse ae freisin. An víreas heipitíteas C, an iomarca alcóil a ól, caitheamh tobac, an iomarca meáchain coirp, nó galair neamhtheagmhálacha eile, ar nós diaibéitis; d'fhéadfadh na nithe sin an riosca a bhaineann le hailse ae a mhéadú a thuilleadh i measc daoine a bhfuil ionfhabhtú HBV orthu freisin.

HPV: Méadaítear an riosca maidir le hailse ceirbheacs le caitheamh tobac agus ionfhabhtú VEID. Is féidir le córas imdhíonachta lagaithe, arb é ionfhabhtú VEID, cóireáil ailse, nó trasphlandú orgán is cúis leis, an riosca maidir le forbairt ailsí a bhaineann le hionfhabhtú HPV a mhéadú.

Nuair a choisctear na hionfhabhtuithe sin, d'fhéadfaí na héifeachtaí comhpháirteacha a bhaineann le fachtóirí riosca a sheachaint i gcás cuid de na galair thuas.



Faigh eolas faoi bheartais lena dtugtar tacaíocht maidir le riosca ionfhabhtuithe HBV agus HPV a laghdú

Tá beartas náisiúnta maidir le vacsaíniú uilechoiteann HBV curtha chun feidhme ag na Ballstáit uile den Aontas Eorpach (AE) nach mór, lena n-áirítear scagthástáil réamhbhreithe in éineacht le vacsaíniú naíonán nuabheirthe. Faoi 2024, bhí vacsaíniú HPV do chailíní agus buachaillí tugtha isteach ag gach ceann de na 27 mBallstát de AE. I measc na ngníomhaíochtaí beartais lena dtacaítear le glacadh leantach na vacsaíní sin tá:

- A áirithiú go gcomhlíonann na seirbhísí agus iarrachtaí vacsaíniúcháin riachtanais grúpaí pobail éagsúla, lena n-áirítear vacsaíní a thairiscint i suíomhanna áitiúla ina bhfuil riosca méadaithe ann do dhaoine.
- Clár vacsaíniúcháin a neartú, lena n-áirítear an líon foirne agus oiliúint do ghairmithe cúraim sláinte a mhéadú.
- Feachtais sláinte poiblí a úsáid chun feasacht a mhéadú maidir le tábhacht an vacsaínithe shábháilte éifeachtaigh in aghaidh HBV agus HPV.
- Faireachán a dhéanamh ar ghlacadh an vacsaínithe in aghaidh HPV agus HBV sa daonra spriocdhírthe.

Tagairtí

Moladh ón gComhairle maidir le hailsí ar inchoiscithe trí vacsaíniú iad (2024) 21 Meitheamh;C4259:1–8.

de Martel et al. (2020). *Lancet Glob Health*, 8(2):e180–e190. PMID: 31862245

de Sanjosé et al. (2018). *JNCI Cancer Spectr*, 2(4):pky045. PMID: 31360870

ECDC (2024). *Prevention of hepatitis B and C in the EU/EEA: Evidence Brief* [Cosc heipitíteas B agus C in AE/LEE: Coimre Fianaise].

IARC (2012). *Monographs on the Evaluation of Carcinogenic Risks to Humans*, Iml. 100B.

Plummer et al. Lámhscríbhinn á hullmhú. (2025)

Singal et al. (2023). *Nat Rev Clin Oncol*, 20(12):864–884. PMID: 37884736

Wei et al. (2024). *Lancet*, 404(10451):435–444. PMID: 39097395

EDS (2022). *Human papillomavirus vaccines: WHO position paper* (2022 update). *Wkly Epidemiol Rec*, 97(50):645–672.

EDS (2024). HPV Dashboard. Le fáil ag: [https://www.who.int/teams/immunization-vaccines-and-biologicals/diseases/human-papillomavirus-vaccines-\(HPV\)/hvp-clearing-house/hpv-dashboard](https://www.who.int/teams/immunization-vaccines-and-biologicals/diseases/human-papillomavirus-vaccines-(HPV)/hvp-clearing-house/hpv-dashboard)

Iarscríbhinn 2: Tástáil agus cóireáil HBV, HCV, VEID agus *H. pylori*

Príomhachóimre

- Is iad HBV agus HCV na cúiseanna is tábhachtaí le galar ae san Aontas.
- Dá luaithe a aimsítear agus a chóireáiltear ionfhabhtú HCV nó VEID (is é sin, sula bhfuil damáiste ae nó trom-easpa imdhíonachta forbartha), is ea is lú an riosca ailse.
- Agus na hionfhabhtuithe HBV, HCV, nó VEID cóireáilte, bíonn an riosca a bhaineann le daoine eile a ionfhabhtú díothaithe nó laghdaithe go mór.
- Is é *H. pylori* an chúis is tábhachtaí le hailse ghastrach san Aontas. Má chóireáiltear gaistríteas *H. pylori* sula ndéantar damáiste trom ghastrach, is féidir leis an gcóireáil tús na hailse gastrá a chosc.
- Is féidir ionfhabhtuithe de thoradh HBV, HCV, VEID agus *H. pylori* a bhrath le tástálacha neamhchostasacha neamhionracha agus is féidir iad a chóireáil le cóireálacha atá ar fáil go forleathan.

HBV, HCV, VEID agus *H. pylori*, agus ailse

HBV agus HCV

Tá HBV agus HCV ina mórchúiseanna le heipitíteas ainsealach (athlasadh an ae), neamhord forchéimnitheach a bhféadfadh ciorróis (coilim bhuana lena ndéantar damáiste don ae agus a fheidhmíocht) agus ailse ae a bheith mar thoradh air. Is minic nach mbaineann aon siomptóm le hionfhabhtuithe HBV agus HCV. Dá bhrí sin, ní thuigeann formhór na ndaoine go bhfuil ionfhabhtú orthu, agus ní bhíonn a fhios acu go bhfuil an t-ionfhabhtú ag éirí ainsealach. D'fhéadfadh na siomptóim teacht chun solais i ndiaidh roinnt mhaith blianta agus damáiste trom déanta don ae.

I gcás fhormhór na ndaoine, maireann ionfhabhtú géar HBV ar feadh tréimhse is lú ná 6 mhí, agus tagann formhór na ndaoine fásta chucu féin arís i ndiaidh ionfhabhtú HBV, i gcás ina raibh na siomptóim tromchúiseach fiú. Mar sin féin, is féidir le hionfhabhtú HBV éirí ainsealach, agus is amhlaidh a d'fhéadfadh sé a bheith i gcás naíonán agus leanaí go háirithe. Tosaíonn ionfhabhtú HCV le céim ghéarchúiseach, nach mbaineann aon siomptóm léi de ghnáth, ach a éiríonn ina riocht ainsealach go minic; tógann sé na scórtha blianta sula mbíonn aon siomptóm le brath de ghnáth. I gcás 5–10 % de dhaoine a raibh ionfhabhtú ainsealach HBV nó HCV orthu ar feadh breis agus 20 bliain, d'fhéadfadh ciorróis forbairt ón ionfhabhtú agus, ailse ae ansin, b'fhéidir.

VEID

Ní cúis dhíreach leis an ailse é VEID, ach ós rud é gurb é is cúis leis an easpa imdhíonachta, is fachtóir riosca tábhachtach é maidir le hailsí arb iad víris eile is cúis leo, lena n-áirítear Kaposí sarcoma, liomfóma agus ailsí eile san ae, sa cheirbheacs agus san anas. Maidir le daoine a bhfuil VEID orthu, bíonn dóchúlacht mhéadaithe *a priori* ann gur nochtadh iad do HBV, HCV agus HPV, chomh maith le fachtóirí riosca iompraíochta, ar nós caitheamh tobac agus ólacháin, agus i gcás fir a mbíonn caidreamh collaí acu le fir.

H. pylori

Is baictéar é *H. pylori* agus is é an phríomhchúis le hailse ghastrach é ar fud an domhain.

Is iondúil go dtarchuirtear é ó bhéal go béal agus ó fhaecas go béal. Faightear an chuid is mó d'ionfhabhtuithe *H. pylori* le linn na hóige agus leanann siad orthu ar feadh an tsaoil mura gcóireáiltear iad.

Tá ionfhabhtú ainsealach *H. pylori* ina chúis le hathlasadh mucós ghastrach, a leanann ar aghaidh ar feadh na scórtha blianta de ghnáth, agus a d'fhéadfadh forbairt ina fhoirmeacha níos tromchúisí de ghaistríteas, agus ailse ghastrach mar chríoch air. Mar sin féin, ní bheidh aon chomhartha sóirt

nó siomptóm ag formhór na ndaoine a bhfuil ionfhabhtú *H. pylori* orthu.

Nuair a thagann comharthaí sóirt nó siomptóim chun solais, tugtar siomptóim dhispeipse (mí-dhíleá) le fios, lena n-áirítear cráphian nó pian losctha sa ghoile (bolg) a d'fhéadfadh éirí níos measa agus do ghoile folamh, chomh maith le masmas, brúchtaíl nó at.

Gníomhartha le do riosca ailse a laghdú

Téigh faoi thástáil agus faigh cóireáil le haghaidh HBV, HCV, VEID agus *H. pylori* de réir mar a mholtar i do thírféin. Is féidir ionfhabhtú HBV, HCV nó VEID a bhrath i sampla fola caighdeánach, sampla fola príochtha méire, nó maipíneacht seile, agus bíonn na tástálacha sin an-chruinn agus is féidir iad a dhéanamh i dteannta a chéile. Is féidir ionfhabhtú *H. pylori* a bhrath le tástálacha neamhionracha neamhchostasacha, ar nós tástáil anála úiré agus/nó tástáil antaigine faecais.

Má fhaightear toradh deimhneach ar thástáil maidir le hionfhabhtú HBV, HCV, VEID agus/nó *H. pylori*, is féidir le dochtóir an chóireáil iomchuí a chinneadh. Tá tástálacha diagnóiseacha agus drugaí frithvíreasacha le fáil i mBallstáit uile AE agus ba cheart do do chóras cúraim sláinte an costas a bhaineann leo a aisíoc ina iomláine nó go páirteach.

- I gcás HBV, maireann an chóireáil ar feadh an tsaoil.
- I gcás HCV, maireann an chóireáil ar feadh 8–12 sheachtain de ghnáth. Is féidir éifeachtúlacht na cóireála in aghaidh HCV a dheimhniú leis an tástáil chéanna a úsáideadh don diagnóis tosaigh.
- De réir na riochtaí cliniciúla, is féidir daoine ar a bhfuil ionfhabhtú HBV nó HCV a atreorú chuig speisialtóir ae (heipiteolaí) nó chuig speisialtóir le galair ionfhabhtaíocha le haghaidh meastóireacht ar an ngalar ae agus chun an t-ionfhabhtú a bhainistiú a thuilleadh.
- I gcás VEID, maireann an chóireáil ar feadh an tsaoil. Tá na cóireálacha frithvíreasacha an-éifeachtúil, éifeachtach agus ní bhítear ag fulaingt lena linn. Ba cheart daoine atá VEID-deimhneach a atreorú chuig speisialtóir VEID.
- Is féidir daoine ar a bhfuil ionfhabhtú *H. pylori* a chóireáil go héifeachtach le meascán de dhruaí frithmhiocróbacha a thógtar de bhéal ar feadh 7–14 lá. Ní mór éifeachtúlacht na cóireála a mheasúnú leis an tástáil neamhionrach chéanna a úsáideadh don diagnóis tosaigh. D'fhéadfaí daoine ar a bhfuil ionfhabhtú *H. pylori* a atreorú chuig gaistreinteolaí le haghaidh ionscópacht ghastrach ag brath ar an aois, na siomptóim agus cé acu atá nó nach bhfuil ailse ghastrach sa mhianach acu.

Cad iad na tairbhí agus an díobháil a bhaineann leis an tástáil agus leis an gcóireáil i ndáil le hionfhabhtuithe a bhaineann le hailse?

Is iad seo a leanas na tairbhí féideartha:

- Is féidir ionfhabhtú a bhraitear go luath a leigheas nó a bhainistiú go héifeachtach i bhformhór na gcásanna.
- Nuair a chóireáiltear na hionfhabhtuithe sin go luath is féidir an ailse a chosc, chomh maith le riochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith marfach, ar nós siondróm easpa imdhíonachta faighte (SEIF de thoradh VEID) nó othras peipteach (de thoradh *H. pylori*), agus/nó idirghabhálacha tromchúiseacha ar nós trasphlandú ae (de thoradh ionfhabhtú HBV nó HCV).
- Leis an gcóireáil, laghdófar nó díothófar an riosca a bhaineann leis an ionfhabhtú a scaipeadh chuig daoine eile.
- Is dócha go mbeidh toradh diúltach ag an móramh ar thástáil, agus dá bhrí sin, is féidir le tástálacha an suaimhneas intinne sin a thabhairt.

Is iad seo a leanas an díobháil fhéideartha:

- D'fhéadfadh tástáil dheimhneach a bheith ina bréagdheimhneach uaireanta, agus d'fhéadfadh imní agus míshuaimhneas a bheith ann, chomh maith leis an ngá le tástálacha eile.
- B'fhéidir nach bhforbródh roinnt ionfhabhtuithe a bhraitear choíche, agus b'fhéidir nach mbeadh aon fhadhb sláinte ann mar gheall orthu, ach ní féidir é sin a thuair na hionfhabhtuithe sin a bhrath ar an gcéad dul síos.

Comhthairbhí chun galair neamhtheagmhálacha a chosc ag a bhfuil fachtóirí riosca agus deiseanna comhchosúla chun an tsláinte a chur chun cinn

D'fhéadfaí an riosca a bhaineann le hailse ae a fhorbairt a mhéadú le hionfhabhtú **HCV**, in éineacht le hionfhabhtú HBV nó gan ionfhabhtú HBV an tráth céanna, ólachán trom, caitheamh tobac, nó an iomarca meáchain, agus galair neamhtheagmhálacha eile, ar nós diaibéitis.

Tá ionfhabhtú HCV bainteach le cineál annamh liomfóma agus roinnt galair neamhtheagmhálacha eile, ar nós *cryoglobulinemia* measctha, diaibéiteas de chineál 2, galair chardai-cheirbreashoithíocha agus galair uath-imdhíonachta.

Tá *H. pylori* bainteach freisin le cineál annamh liomfóma agus le hothras peipteach, galar a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha.

Nuair a choisctear na hionfhabhtuithe sin, d'fhéadfaí na héifeachtaí comhpháirteacha a bhaineann le fachtóirí riosca a sheachaint i gcás cuid de na galair thuas.



Eolas faoi na beartais lena dtugtar tacaíocht maidir le tástáil agus cóireáil ionfhabhtuithe HBV, HCV, VEID agus *H. pylori*

D'fhéadfadh ról suntasach a bheith ag beartais, lena ndírítear ar thionscnaimh inbhuanaithe chun feabhas a chur ar rochtain inacmhainne ar thástálacha ar na hionfhabhtuithe móra sin, chun riosca na hailse a laghdú agus chun feabhas a chur ar an tsláinte fhoriomlán. Seo a leanas roinnt samplaí:

- Ba cheart a éascú le beartais tástálacha inacmhainne, a bheadh gan chostas go hidéalach, le haghaidh HBV, HCV agus VEID, le cur chuige gan stiogmatú.
- Ba cheart tástáil HBV agus VEID a thairiscint do mhná torracha, agus ba cheart smaoineamh ar thástáil HCV a thairiscint bunaithe ar mheasúnú riosca aonair.
- Prótacail chun *H. pylori* a thástáil agus a chóireáil bunaithe ar riosca aonair, é a bheith sa mhianach ag duine agus tír bhreithe, ba cheart iad sin a bhunú; agus ba cheart a áirithiú nach bhfuil na réimeanna sin róchostasach agus go bhfuil fáil éasca ag saoránaigh uile AE orthu.
- Ba cheart daoine a bhfuil ionfhabhtú *H. pylori* deimhnithe orthu a chóireáil a luaithe is féidir.
- Ba cheart forbairt agus comhordú a dhéanamh ar fheachtais feasachta sláinte poiblí a bhaineann leis na hionfhabhtuithe uile is cúis le hailse agus ar na hidirghabhálacha lena seachnaítear a dtolgadh nó a bhforbairt ina ngalar.

Tagairtí

Bogers SJ, et al. (2021) 35:100877. PMID: 34027336

ECDC (2016). *Antenatal screening for HIV, hepatitis B, syphilis, and rubella in the EU/EEA* [Scaghtástáil réamhbhreithe le haghaidh VEID, heipitíteas B, gallbholgaí agus rubella in AE/LEE].

ECDC (2024). *Monitoring hepatitis B and C responses in EU/EEA* [Faireachán a dhéanamh ar fhreagairtí ar heipitíteas B agus C in AE/LEE].

ECDC (2024). *Prevention of hepatitis B and C in the EU/EEA* [Cosc heipitíteas B agus C in AE/LEE].

ECDC/EDS na hEorpa (2023). *HIV/AIDS surveillance in Europe 2023–2022 data* [Faireachas ar VEID/SEIF san Eoraip, 2023 – sonraí 2022].

Malfetherneiner P, et al. (2023). *Nat Rev Dis Primers*. 9(1):19. PMID: 37081005

Martinello M, et al. (2023). *Lancet*. 402(10407):1085–96. PMID: 37741678

Singal AG, et al. (2023). *Nat Rev Clin Oncol*. 20(12):864–84. PMID: 37884736

Stelzle D, et al. (2021). *Lancet Glob Health*. 9(2):e161–e169. PMID: 33212031

EDS (2024). *Guidelines for chronic hepatitis B prevention, diagnosis, and treatment*.

An saothar dar teideal *European Code Against Cancer 5th edition: 14 ways you can help prevent cancer* arna fhoilsiú an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC) in 2025, a choinníonn an cóipeacht sa bhunsaothar Béarla ([Understand ECAC5 | Fact Sheets and Policy Briefs](#)). Tá údarú tugtha ag sealbhóir an chóipchirt don Aontas Eorpach aistriúchán Gaeilge den eagrán a chur ar fáil, arb é amháin atá freagrach as an aistriúchán.



© An tAontas Eorpach, 2026

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar na sealbhóirí cirt faoi seach.

PDF ISBN 978-92-68-36108-5 doi:10.2875/5066079 EW-01-25-130-GA-N

D'fhorbair Meitheal 3 um Ionfhabhtuithe agus idirghabhálacha gaolmhara an Bhileog Eolais seo le tacaíocht ó Mheitheal 5 um Chumarsáid agus Litearthacht Sláinte, agus ó Rúnaíocht thionscadat an Chóid Eorpaigh in aghaidh na hAilse, an 5ú hEagrán.

Deireadh Fómhair 2025